Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11645/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0126 (NLE)**

**AVIATION 174**
**RELEX 726**
**USA 33**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Íoslainn, agus Ríocht na hIorua |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
an Chomhaontaithe Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe
lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá,
an Íoslainn, agus Ríocht na hIorua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1580[1] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Íoslainn, agus Ríocht na hIorua ("an Comhaontú")[2] an 27 Lúnasa 2019, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí. Tá an Comhaontú, atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2019/1580 i gcomhar leis an Meabhrán Comhairliúchán[3], á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta sínithe an Chomhaontaithe.

(2) Síníodh an Comhaontú i mBéarla. De bhun dhlí an Aontais, tarraingíodh suas an Comhaontú i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais mar a fhoráiltear le Cinneadh (AE) 2019/1580. De bhun an Dearbhaithe Chomhpháirtigh, ar dlúthchuid den Chomhaontú é, ba cheart do na Páirtithe na leaganacha teanga breise sin a fhíordheimhniú.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/1580 ón gComhairle an 18 Iúil 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Íoslainn, agus Ríocht na hIorua (IO L 245, 25.9.2019, lch. 1).

[2] Comhaontú Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú (IO L 245, 25.9.2019, lch. 3).

[3] Don Mheabhrán Comhairliúchán, féach doiciméad ST 11100/19 ag http://register.consilium.europa.eu

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Maidir le Teorainneacha Ama do na Socruithe lena Soláthraítear Aerárthaí le Criú idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Íoslainn, agus Ríocht na hIorua, mar aon leis an Dearbhú Comhpháirteach[1*] ar dlúthchuid é den Chomhaontú sin.

*Airteagal 2*

Síníodh an Comhaontú i mBéarla. De bhun dhlí an Aontais, tharraing an tAontas suas an Comhaontú sna teangacha a leanas freisin: an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris. Tá na leaganacha teanga breise sin le fíordheimhniú trí bhíthin litreacha a mhalartú idir na Páirtithe. Is ionann an luach a bheidh ag gach leagan fíordheimhnithe.

*Airteagal 3*

Is é Uachtarán na Comhairle a thabharfaidh, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) den Chomhaontú[2].

---

[1] Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 245, 25.9.2019, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

[*] IO: Cuir an abairt Ghaeilge seo a leanas isteach, le do thoil, ar an leathanach den Iris Oifigiúil a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfoilseofar an Comhaontú sna leaganacha teanga eile: "Ní hann do théacs an Chomhaontaithe seo sa Ghaeilge".

[2] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ….,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*